Mairg chreideas lucht aimhleasa

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 71]

Donnchadh mhac Domhnuill Mic Eochadha .cc.

1 Mairg creidios lucht aimhleasa
chuirios fuath eidir chairdibh;
beith teann, cá ní as aimhghlice?
a mbriathruibh lochta an aimhlis.

2 Dá tteagmhadh go millfidhe
duine gan choir tré bhréaguibh,
do-chí Dia nárbh inchreite
do lucht cumtha na mbréag-soin.

3 Na sceóil bhlasda bhréagacha
cumthar lé lucht na meabhla,
[mairg cumus na bréaga-soin]
do mhuin drochcroidhe is dearbhtha

4 Mairg bhíos eidir dhearbhghaoltuibh
ag dénamh aimhlis bréige;
a bhfad as a neamhthaobhaid
na gaolta féin a chéile.

5 Mairg neach eidir bhráithreachuibh
imrios fáithbhearta aimhlis;
mór riamh do na fáithbheartuibh
bhíos dá n-imirt go haimhghlic.

6 Dearbhthar do chloinn tréinFhiachaidh
ar chloinn Seaáin mic Rémuinn
scél bréige gan éinfhiadhuin
do leath ar fud gach énfhuinn.

7 Dia do dhénamh síothchána
eidir Émann ’s an chlainn-sin,
mhúchfus in scél fíorghránna
do cumadh do dhruim aimhlis.

8 Nár léige Dia imreasain
eatorra ar feadh a saoghail,
clann Fhiachaidh fhéil intleachtaigh
is Émonn nár theib aonscoil.

9 Go mbiadh gan dáil dealuighthe
re cloinn Fhiacha as ard n-áirmhe;
Rí nimhe ’s a neamhchoirthe

do tháth Émuinn ré [a] bhráithribh

10 Mac Seaáin is Féilimidh,
is Rémann nár dhiúlt cliathaigh,
ré chéile go réidhighid
fán scél mbréige gan fhiadhuin.

11 Na trí leómhuin neartmhura
nách tabhair cúl do thachar,
síoth gan fhoircheann eatorra
go ttí d'fheartuibh Dé Athar.

12 Trí curaidh gníomh n-ardbhladha,
trí deaghcaraid na héigne,
lór do dhídion Raghnallach
bheith dóibh ag cur lé chéile.

13 Clann Fhiacha, in chlann lúithneartmhar,
mac Seaáin riú do-roighne
ar slán gcosg in Dúileamhan
síoth nách brisfidhear choidhche.

14 Tré fhear fuatha d'allmhurchaibh,
a fhir chumtha in sceóil bhrégoigh,
dob fhada lé Raghnallchaibh
do bhí Émonn 'na n-égmuis.

15 Fréamh Raghnuill ní rabhadair
riamh acht ag seachna béime;
scél méduighthe faltanuis
dóibh níor chreidte ar a chéile.

16 Aca do bhrígh réidhighthe.
do rún croidhe lé a mbráthair
ní bhia acht iomáin éinleithe
ag cloinn Fhiacha an oinigh thásgmhair